# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2248 ÓN gCOIMISIÚN

**an 16 Nollaig 2021**

**lena sonraítear mionsonraí an chomhéadain leictreonaigh idir córais chustaim náisiúnta agus an córas faisnéise agus cumarsáide maidir le faireachas margaidh, agus na sonraí atá le tarchur trí mheán an chomhéadain sin**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 34(8) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 34(7) de Rialachán (AE) 2019/1020, ceanglaítear ar an gCoimisiún comhéadan leictreonach ("an comhéadan") a fhorbairt lena gcumasófar aistriú sonraí idir córais chustaim náisiúnta agus an córas faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 34(1) den Rialachán sin. Is éard a thugtar ar an gcóras faisnéise agus cumarsáide sin an córas faisnéise agus cumarsáide maidir le faireachas margaidh ("ICSMS"). Is comhéadan é a ceapadh chun an chumarsáid a éascú idir údaráis chustaim agus údaráis um fhaireachas margaidh ar mhaithe le rialú a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagail 25 go 28 de Rialachán (AE) 2019/1020 ar tháirgí a thagann isteach san Aontas. Is rud é úsáid an chomhéadain sin a bheidh deonach fós de bhun Airteagal 26(4) den Rialachán sin.

(2) Chun ullmhú na gcóras leictreonach agus malartú comhleanúnach faisnéise a éascú, na tacair sonraí chaighdeánacha atá le tarchur trí mheán an chomhéadain, san fhoirm a fhorordaítear agus de réir an mhodha a fhorordaítear, is gá iad a leagan síos. Ba cheart na tacair sonraí sin a bheith de réir na gceanglas a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/1020 a mhéid a bhaineann leis na rialuithe ar tháirgí atá ag teacht isteach i margadh an Aontais. Mar sin féin, ba cheart iad a bheith solúbtha go leor chun gurb acmhainn do na Ballstáit déileáil leis na cásanna ábhartha uile, agus úsáid a bhaint chuige sin as na sonraí nó na réimsí sonraí is iomchuí i dtaca le gach cás.

(3) Ionas go mbeidh teorainn le hualach riaracháin na n-údarás custaim, na sonraí a tharchuirtear ó na córais chustaim náisiúnta chuig ICSMS, ba cheart iad a bheith ar fáil go héasca ó na córais sin nuair is féidir. Mar sin féin, na húdaráis um fhaireachas margaidh fíorú a dhéanamh maidir le comhlíonadh táirge, is rud é sin a fhágann gur gá eilimintí breise sonraí a iontráil sna córais chustaim náisiúnta .

(4) Nuair a bhaineann na Ballstáit úsáid as an gcomhéadan, ba cheart iad a bheith faoi réir ceanglais shonracha nós imeachta chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh na córais leictreonacha go héifeachtach.

(5) I gcás ina mbíonn próiseáil sonraí pearsanta i gceist le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart í a dhéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ([2]) agus Rialachán (AE) 2018/1725 ([3]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ba cheart roinnt sonraíochtaí maidir le próiseáil sonraí pearsanta a leagan síos sa Rialachán seo. Ba cheart na sonraíochtaí sin a bheith comhsheasmhach

([1]) IO L 169, 25.6.2019, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

amach anseo leis na sonraíochtaí a leagtar síos i dTimpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam, rud ar thug an Coimisiún togra i láthair lena aghaidh an 28 Deireadh Fómhair 2020 ([4]). Dá bhrí sin, na forálacha maidir le cosaint sonraí pearsanta atá sa Rialachán seo, féadfar iad a athbhreithniú i bhfianaise an chreat dhlíthiúil a bheidh ann amach anseo lena rialófar Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam.

(6) Sonraí a tharchuirtear tríd an gcomhéadan, ba cheart iad a bheith faoi rún agus níor cheart iad a fhanacht sa chomhéadan níos faide ná mar is gá chun iad a tharchur.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 34(7) de Rialachán (AE) 2019/1020, ba cheart an comhéadan a bheith i bhfeidhm faoi cheann ceithre bliana ón dáta a ghlacfar an Rialachán seo. Is casta an cúram teicniúil é córais leictreonacha a chur ar bun, agus is rud é a éilíonn ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún infheistíocht a dhéanamh ó thaobh airgid agus ama araon. Táthar ag súil go nglacfaidh próiseas forbartha an chomhéadain 4 bliana. Dá bhrí sin, ba cheart dáta cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar go dtí go mbeidh an comhéadan ar fáil.

(8) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug seisean tuairim uaidh an 22 Deireadh Fómhair 2021.

(9) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste a bunaíodh le hAirteagal 43 de Rialachán (AE) 2019/1020,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) “Córas Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh” nó “ICSMS”, is éard a chiallaíonn sé sin an córas faisnéise agus cumarsáide maidir le faireachas margaidh dá bhforáiltear in Airteagal 34(1) de Rialachán (AE) 2019/1020;

(b) Is éard a chiallaíonn ‘comhéadan’ an comhéadan leictreonach atá le forbairt ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 34(7) de Rialachán (AE) 2019/1020.

*Airteagal 2*

**Na sonraí atá le tarchur**

1. Chun críche fógra a thabhairt d’údaráis um fhaireachas margaidh faoi scaoileadh táirge i saorchúrsaíocht a chur ar fionraí de bhun Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2019/1020, cuimseofar sna sonraí atá le tarchur:

(a) sonraí ábhartha atá ar fáil ó chórais chustaim náisiúnta, sonraí ón dearbhú custaim san áireamh, sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn I, Roinn 1, a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) sonraí breise atá le hiontráil i gcórais chustaim náisiúnta , sonraí a liostaítear in Iarscríbhinn I, Roinn 2, a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Fionraí scaoileadh an táirge chun saorchúrsaíochta, i gcás ina n-iarrfaidh údaráis um fhaireachas margaidh ar údaráis chustaim an fionraí sin a choinneáil ar bun, nó i gcás ina gcuirfidh siad in iúl d’údaráis chustaim go bhfuil an scaoileadh sin formheasta acu nó ina gcuirfidh siad de cheangal ar údaráis chustaim gan an táirge a scaoileadh i saorchúrsaíocht de bhun Airteagail 27 agus 28 de Rialachán (AE) 2019/1020, cuimseofar sna sonraí atá le tarchur:

(a) cinneadh na n-údarás um fhaireachas margaidh maidir le scaoileadh an táirge i saorchúrsaíocht a fhormheas nó a dhiúltú, sin nó an iarraidh uathu go gcoinneofar an fionraí ar bun, i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

([4]) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, COM/2020/673 final.

(b) obair leantach ag údaráis chustaim agus ag údaráis um fhaireachas margaidh araon ar lorg na dteachtaireachtaí dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo, i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Chun críche iarraidh ó údaráis um fhaireachas margaidh scaoileadh táirge i saorchúrsaíocht a chur ar fionraí de bhun Airteagal 26(3) de Rialachán (AE) 2019/1020, agus chun críoch an fhreagra ó údaráis chustaim, tarchuirfear na sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

**Nós imeachta**

1. I gcás ina n-úsáidfidh Ballstát an comhéadan, déanfaidh na húdaráis chustaim na córais chustaim náisiúnta a nascadh leis an gcomhéadan sin, déanfaidh siad an nasc a thástáil agus áiritheoidh siad go mbeidh na córais sin idir-inoibritheach leis an gcomhéadan sin feasta.

2. Na fógraí agus na hiarrataí dá dtagraítear in Airteagal 26(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2019/1020, i gcás ina ndéanfar iad trí ICSMS agus tríd an gcomhéadan de bhun Airteagal 26(4) den Rialachán sin, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

(a) Déanfaidh na húdaráis chustaim na sonraí atá le tarchur a iontráil ina gcóras custaim náisiúnta mura bhfuil na sonraí sin ann cheana, agus údaróidh siad tarchur na sonraí sin tríd an gcomhéadan chuig ICSMS;

(b) déanfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh na sonraí atá le tarchur a iontráil in ICSMS agus údaróidh siad tarchur na sonraí sin tríd an gcomhéadan chuig córais chustaim náisiúnta na n-údarás custaim ábhartha;

(c) a luaithe a údarófar tarchur na sonraí dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den mhír seo, tarchuirfidh an comhéadan na sonraí sin chuig an gcóras eile;

(d) gach tarchur sonraí ina dhiaidh sin maidir le fógraí agus le hiarrataí, is tríd an gcomhéadan a dhéanfar é.

3. I gcás nach bhfreagróidh na húdaráis um fhaireachas margaidh don fhógra laistigh de na teorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 27, pointe (a) de Rialachán (AE) 2019/1020, tarchuirfidh ICSMS teachtaireacht uathoibríoch tríd an gcomhéadan chuig córais chustaim náisiúnta, teachtaireacht lena gcuirfear in iúl go bhféadfar an táirge a scaoileadh i saorchúrsaíocht i gcás ina mbeidh na ceanglais agus na foirmiúlachtaí eile go léir a bhaineann leis an scaoileadh sin comhlíonta.

*Airteagal 4*

**Próiseáil sonraí pearsanta**

1. Is chun na gcríoch seo a leanas, agus chucu amháin, a fhéadfar sonraí pearsanta a phróiseáil sa chomhéadan:

(a) malartú faisnéise idir córais chustaim náisiúnta agus ICSMS a chumasú ar mhaithe le rialú a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagail 25 go 28 de Rialachán (AE) 2019/1020 ar tháirgí a thagann isteach i margadh an Aontais;

(b) trasfhoirmiú sonraí a chur i gcrích, nuair is gá, chun a áirithiú go ndéanfar an téarmaíocht chustaim agus an téarmaíocht neamhchustaim a ailíniú, agus an malartú faisnéise dá dtagraítear i bpointe (a) a chumasú ar an gcaoi sin.

2. Is i gcás na gcatagóirí seo a leanas d'ábhair sonraí, agus ina gcás siúd amháin, a fhéadfaidh an comhéadan sonraí pearsanta a phróiseáil:

(a) daoine nádúrtha a bhfuil a bhfaisnéis phearsanta sa dearbhú custaim;

(b) daoine nádúrtha a bhfuil a bhfaisnéis phearsanta sna doiciméid tacaíochta, nó in aon fhianaise dhoiciméadach eile atá ag teastáil chun comhlíonadh dhlí an Aontais ag na táirgí atá faoi réir an dearbhaithe custaim a fhíorú;

(c) baill foirne údaraithe de chuid údaráis chustaim agus údaráis um fhaireachas margaidh nó aon údarás nó comhlacht údaraithe ábhartha a bhfuil a bhfaisnéis phearsanta in aon doiciméad dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b);

(d) Baill foirne de chuid an Choimisiúin agus de chuid soláthraithe tríú páirtí a ghníomhaíonn thar ceann an Choimisiúin ar baill foirne iad a dhéanann oibríochtaí agus gníomhaíochtaí cothabhála a bhaineann leis an gcomhéadan.

3. Is iad na catagóirí seo a leanas de shonraí pearsanta, agus na catagóirí seo amháin, a fhéadfaidh an comhéadan a phróiseáil:

(a) ainm agus faisnéis teagmhála (lena n-áirítear seoladh, cód tíre, seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin) nó uimhir aitheantais na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) agus (b);

(b) ainm, faisnéis teagmhála (lena n-áirítear seoladh, cód tíre, seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin) agus síniú na mball foirne údaraithe dá dtagraítear i mír 2, pointí (c) agus (d).

4. Is trí bhonneagar teicneolaíochta faisnéise atá lonnaithe san Aontas a dhéanfar trasfhoirmiú na sonraí pearsanta dá dtagraítear i mír 1, pointe (b).

*Airteagal 5*

**Rialú comhpháirteach an chomhéadain**

1. A mhéid a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta sa chomhéadan, beidh an Coimisiún ina rialaitheoir comhpháirteach de réir bhrí Airteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2018/1725, agus beidh údaráis chustaim agus údaráis um fhaireachas margaidh ina rialaitheoirí comhpháirteacha de réir bhrí Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) 2016/679.

2. Déanfaidh an Coimisiún socrú rialúcháin chomhpháirtigh leis na rialaitheoirí comhpháirteacha eile chun freagrachtaí éagsúla na rialaitheoirí comhpháirteacha a leagan síos agus chun na hoibleagáidí atá ann faoi Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725 a chomhlíonadh.

3. Áiritheoidh na rialaitheoirí comhpháirteacha:

(a) go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile chun na hiarrataí ón ábhar sonraí a phróiseáil go tráthúil;

(b) go dtabharfaidh siad cúnamh dá chéile maidir le haithint agus láimhseáil aon sáraithe ar shonraí a bhfuil baint aige leis an gcomhphróiseáil;

(c) go malartóidh siad an fhaisnéis ábhartha is gá chun ábhair sonraí a chur ar an eolas de bhun Roinn 2 de Rialachán (AE) 2016/679 agus Roinn 2 de Rialachán (AE) 2018/1725;

(d) go ndéanfaidh siad slándáil, sláine, infhaighteacht agus rúndacht na sonraí pearsanta a phróiseáiltear go comhpháirteach de bhun Airteagal 32 de Rialachán (AE) 2016/679 agus Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2018/1725 a áirithiú agus a chosaint.

*Airteagal 6*

**Rúndacht sonraí**

Sonraí a tharchuirfear tríd an gcomhéadan de bhun an Rialacháin seo, ní fhanfaidh siad ar an gcomhéadan níos faide ná mar is gá chun iad a tharchur agus coinneoidh an Coimisiún faoi rún iad le linn an tarchuir. Is chun críoch chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/1020 agus chun na críche sin amháin a úsáidfear na sonraí sin.

*Airteagal 7*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 16 Nollaig 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Nollaig 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

**Sonraí dá dtagraítear in Airteagal 2(1)**

Sna sonraí dá dtagraítear in Airteagal 2(1), cuimseofar na grúpaí agus na heilimintí a leagtar síos i Ranna 1 agus 2.

## 1. **Sonraí ó chórais chustaim náisiúnta, lena n-áirítear sonraí ón dearbhú custaim má tá siad ar fáil**

*Faisnéis faoi na hearraí*

(a) Cód aicmithe custaim, lena n-áirítear cód fo-cheannteidil an Chórais Chomhchuibhithe, an cód Ainmníochta Comhcheangailte a leagtar síos i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([1]), agus an cód TARIC;

(b) Tuairisc ar na hearraí;

(c) Mais na n-earraí;

(d) Cainníocht na n-earraí;

(e) Doiciméid tacaíochta ábhartha.

*Faisnéis faoi na hoibreoirí eacnamaíocha*

(f) Onnmhaireoir;

(g) Díoltóir;

(h) Allmhaireoir;

(i) Ceannaitheoir;

(j) Dearbhóir.

*Áit tionscnaimh agus ceann scríbe na n-earraí*

(k) An tír chinn scríbe;

(l) An tír thionscnaimh;

(m) An tír seolta;

(n) An tír is onnmhaireoir;

(o) An modh iompair ag an teorainn.

*Faisnéis riaracháin*

(p) Máistir-uimhir thagartha an dearbhaithe custaim;

(q) Uimhir na míre earraí;

(r) Dáta glactha an dearbhaithe

(s) Sonrú maidir le dearbhuithe ina bhfuil tacar sonraí laghdaithe;

(t) An oifig custaim atá freagrach, lena n-áirítear an oifig custaim ina dtaispeántar earraí agus an oifig custaim maoirseachta i gcás inarb iomchuí.

(u) Sonraí maidir leis an bpróiseas custaim.

Na heilimintí sonraí a liostaítear sa Roinn seo, i gcás inarb éard atá iontu cóid uimhriúla nó alfa-uimhriúla a úsáideann na húdaráis chustaim go coitianta, cuirfear an comhéadan ar bun sa tslí gurb acmhainn dó an fhaisnéis théacsúil ábhartha atá sna cóid sin a fháil ó na córais chustaim agus a tharchur chuig ICSMS.

([1]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1)

2. **Sonraí breise atá le hiontráil sna córais chustaim náisiúnta**

(a) Údair fionraí, i gcomhréir le hAirteagal 26(1) de Rialachán (AE) 2019/1020 (éigeantach i ngach cás);

(b) Faisnéis faoin táirge, an méid seo a leanas mar shampla – ainm, trádainm nó trádmharc cláraithe, múnla, uimhir EAN, sraithuimhir (má tá sí ar fáil);

(c) An gníomh dlíthiúil nó na gníomhartha dlíthiúla de chuid an Aontais lena mbaineann an neamh-chomhlíonadh toimhdithe (éigeantach i ngach cás);

(d) An phríomhchatagóir táirgí lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 1(1), pointe (c) (viii) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1121 ón gCoimisiún ([2]) (éigeantach i ngach cás);

(e) Faisnéis dá dtagraítear in Airteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2019/1020 ar faisnéis í a bhaineann leis an oibreoir eacnamaíoch (éigeantach i gcás ina mbeidh feidhm ag an gceanglas agus ina mbeidh na sonraí ar fáil);

(f) Pictiúir den táirge agus, i gcás inarb ábhartha, de phacáistíocht an táirge, pictiúir ina dtaispeántar na nithe seo a leanas mar shampla – faisnéis faoin táirge, marcáil chomhréireachta, lipéadú nó eilimintí amhrasacha (má tá an méid sin ar fáil);

(g) Doiciméid ábhartha eile, sonraisc, an dearbhú comhréireachta, agus tuarascálacha tástála (má tá siad ar fáil) mar shampla;

(h) An t-údarás nó na húdaráis um fhaireachas margaidh a bhfuil fógra le tabhairt dóibh, údaráis a roghnaíodh ó liosta na n-údarás um fhaireachas margaidh arna n-ainmniú ag na Ballstáit agus a iontráiltear in ICSMS i gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (AE) 2019/1020 (éigeantach i ngach cás).

---

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1121 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2021 lena sonraítear mionsonraí comhlíontachta agus sábháilteachta táirgí na sonraí staidrimh atá le tíolacadh ag na Ballstáit maidir le rialuithe ar tháirgí a thugtar isteach i margadh an Aontais (IO L 243, 9.7.2021, lch. 37).

*IARSCRÍBHINN II*

**Sonraí dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (a)**

Na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (a), cuimseofar na heilimintí seo a leanas iontu:

(a) léiriú ar cé acu atá nó nach bhfuil:

(1) scaoileadh an táirge i saorchúrsaíocht fhormheasta ag na húdaráis faireachais margaidh. An gníomh dlíthiúil nó na gníomhartha dlíthiúla de chuid an Aontais faoina ndearnadh measúnú na n-údarás um fhaireachas margaidh, chomh maith leis an bpríomhchatagóir táirgí lena mbaineann, sonróidh na húdaráis um fhaireachas margaidh an méid sin i gcomhréir le hIarscríbhinn I, Roinn 2, pointe (d);

(2) iarrfaidh siad go ndéanfar fionraí an scaoilte i saorchúrsaíocht a choinneáil ar bun ionas gur féidir leis na húdaráis um fhaireachas margaidh nó na húdaráis chustaim gníomhaíochtaí sonracha a chur i gcrích. An gníomh dlíthiúil nó na gníomhartha dlíthiúla de chuid an Aontais faoina bhfuil measúnú na n-údarás um fhaireachas margaidh ar bun, chomh maith leis an bpríomhchatagóir táirgí lena mbaineann, sonróidh na húdaráis um fhaireachas margaidh an méid sin i gcomhréir le hIarscríbhinn I, Roinn 2, pointe (d); nó

(3) cuirfidh siad de cheangal ar na húdaráis chustaim gan an táirge a scaoileadh i saorchúrsaíocht toisc go bhfuil riosca tromchúiseach ag baint leis nó toisc nach gcomhlíonann sé reachtaíocht infheidhme de chuid an Aontais. Na cúiseanna a bhfuil an táirge neamh-chomhlíontach nó go bhfuil riosca tromchúiseach ag baint leis, an gníomh dlíthiúil nó na gníomhartha dlí de chuid an Aontais a sáraíodh, chomh maith leis an bpríomhchatagóir táirgí lena mbaineann, sonróidh na húdaráis um fhaireachas margaidh na nithe sin i gcomhréir le pointe (d) de Roinn 2 d'Iarscríbhinn I. Féadfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh a chur in iúl an bhfuil siad in aghaidh an táirge a dhearbhú ina dhiaidh sin le haghaidh nós imeachta custaim eile seachas é a scaoileadh i saorchúrsaíocht. Féadfaidh siad a chur in iúl freisin an gceapann siad – agus má cheapann, cén fáth a gceapann siad – gur cheart an táirge a scriosadh nó a chur as feidhm ar bhealach eile faoi chuimsiú Airteagal 28(4) de Rialachán (AE) 2019/1020.

(b) faisnéis riaracháin, lena n-áirítear máistir-uimhir thagartha an dearbhaithe custaim, uimhir na míre earraí, uimhir chlárúcháin ICSMS agus sonraí teagmhála feidhmiúla an údaráis um fhaireachas margaidh atá freagrach.

*IARSCRÍBHINN III*

**Sonraí dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (b)**

Na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (b), cuimseofar na heilimintí seo a leanas iontu:

(a) i gcás inar coinníodh fionraí an scaoilte i saorchúrsaíocht ar bun ionas gurbh féidir leis na húdaráis chustaim gníomhaíochtaí sonracha a chur i gcrích.

— torthaí na ngníomhaíochtaí sin;

(b) i gcás inar coinníodh fionraí an scaoilte i saorchúrsaíocht ar bun ionas gurbh féidir leis na húdaráis um fhaireachas margaidh gníomhaíochtaí sonracha a chur i gcrích.

— na réimsí sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn II;

(c) i gcás inar chuir na húdaráis um fhaireachas margaidh de cheangal ar na húdaráis chustaim gan an táirge a scaoileadh i saorchúrsaíocht:

— faisnéis ó na húdaráis chustaim maidir le staid an táirge tar éis scaoileadh i saorchúrsaíocht a dhiúltú, lena n-áirítear cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh iad a scriosadh nó a chur as feidhm ar bhealach eile, iad a chur faoi nós imeachta custaim eile seachas scaoileadh i saorchúrsaíocht, nó iad a ath-onnmhairiú; nó

— i gcás ina ndearna an t-oibreoir eacnamaíoch achomharc i gcoinne diúltú an táirge a scaoileadh i saorchúrsaíocht, faisnéis faoin achomharc sin agus, nuair is gá, iarraidh go ndéanfadh na húdaráis um fhaireachas margaidh athbhreithniú.

*IARSCRÍBHINN IV*

## Sonraí dá dtagraítear in Airteagal 2(3)

Na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 2(3), cuimseofar na heilimintí seo a leanas iontu:

(a) iarrataí ó na húdaráis um fhaireachas margaidh ar scaoileadh táirge i saorchúrsaíocht a chur ar fionraí, iarrataí ina sonraítear an t-údarás ábhartha, máistir-uimhir thagartha an dearbhaithe custaim, tuairisc ar an táirge agus na cúiseanna atá leis an iarraidh;

(b) freagraí ó na húdaráis chustaim, freagraí ina sonraítear an t-údarás ábhartha, agus cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an táirge a shainaithint agus scaoileadh an táirge i saorchúrsaíocht a chur ar fionraí.